The quality of our historic built environment profoundly affects our everyday lives. It contributes to the vitality of our cities, towns, villages and countryside, instils a sense of pride of place and enhances our well-being. Ireland's historic buildings and structures are a vital part of our heritage. They are the built signatures of generations of Irish people. They also tell a story rich in our social, political and economic history. They accent a regional voice reflective too of centuries of international influence.

Investment will include targeted supports such as the Built Heritage Investment Scheme and the Historic Structures Fund which help the owners and custodians of our heritage buildings to protect our valuable built heritage and ensure that vital traditional building skills are not lost.

Caring for our National Monuments (€30m)

Ireland has thousands of unique archaeological monuments which represent over 7,000 years of settlement on this island. They are in every locality and community and provide tangible links to our ancient past, a sense of place for communities and focal points for social enjoyment and economic regeneration.

With over 780 monuments and sites in state ownership, investment over recent years has been limited to small scale conservation works undertaken by the OPW which is responsible for the day-to-day running at these sites and monuments.

To protect and enhance our heritage estate, the Government will over the course of the National

ina gcuirtear deiseanna ar fáil le haghaidh fostáiocht shóisialta agus athghiniúint eacnamaíochta.

Tá os cionn 780 mír maoine ar úinéireacht ag an Stát, idir shéadchomharthaí agus láithreáin, agus le blianta beaga anuas, bhí an infheistíocht iontu teoranta d'oibreacha caomhantais beagscála a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí ar a bhfuil freagracht i ndáil le bainistiú na láithreán agus na séadchomharthaí sin ó lá go lá.

Chun ár n-eastát oidhreachta a chosaint agus a fheabhsú, méadóidh an Rialtas de réir mar atá an *Plean Forbartha Náisiúnta* á chur i bhfeidhm, an infheistíocht i láithreáin Shéadchomharthaí Náisiúnta na hÉireann agus oibreoidh sé le hOifig na nOibreacha Poiblí chun a chinntí go ndéantar na láithreán sin a chaomhnú agus a chur i láthair de réir na gcaighdeán is airde dá bhfuil ann. Más indéanta, gheofar láithreáin bhereise agus séadchomharthaí breise agus cuirfear feabhas ar an rochtain orthu. Cuirfear feabhas ar chálíochta na saoráidí do chuairteoirí ina n-iomláine, lena n-áirítear beochan fheabhsaithe na láithreán, feabhsuithe ar shaoráidí léirmhíniúcháin agus uadghráduithe ar an infraestruchtúr cuairteora i ngach ceann de na príomhláithreáin a bhfuil séadchomharthaí iontu. I measc na bpríomhthionscadal atá ann sa chlár oibreacha feabhsaithe atá beartaithe, airítear oibreacha i mBrú na Bóinne, i dTeamhair, in Achaidh Chéide, i gCluain Mhic Nóis, i Sceilg Mhichíl, i Stáisiún Cábla Dhairbhre, i gCarraig Phádraig, gan trácht ar láithreáin thábhachtacha eile de chineál manachúil agus meánaoiseach agus láithreáin eile a bhfuil baint acu leis an Armáid.

Development Plan increase investment in Ireland's National Monument sites and work with the Office of Public Works to ensure that these sites are conserved and presented to the highest quality. Where feasible, additional sites and monuments will be acquired and access improved. The quality of the visitor facilities will be improved throughout including enhanced animation of the sites, improvements to interpretation facilities and upgrades to the visitor infrastructure at all of our primary national monument sites. Key projects included in the planned improvement works programme will be at Brú na Bóinne, Tara, Céide Fields, Clonmacnoise, Skellig Michael, Valentia Cable Station, the Rock of Cashel among other key monastic, armada and medieval sites.


Cuireadh Brú na Bóinne ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO sa bhliain 1993. Is iad na trí 'meigeathuama', is é sin, Cnóbha, Sí an Bhrú agus Dubhadh, atá ina bpríomhghné den láithreán atá suite i dtírdhreach fairising deasghnátha seandálaíochta. Tugann os cionn 200,000 duine cuairt ar lonad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne gach bliain. Tá infheistíocht leanúnach á déanamh ann ag Fáilte Éireann, i gcompháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn, chun feabhas a chur ar eispéireas na gcuairteoirí i mBrú na Bóinne agus ag na príomhshéadchomhartha a bhaineann leis agus tá níos mó cuairteoirí ná riamh á dtarraingt chuig an láithreán a bhfuil ról méadaitheach aige i dtaca le forbairt eacnamaíochta de.

Is i rith bhlianta na 1980-idí a rinneadh obair chaomhantais ag Brú na Bóinne agus, chun inbhuanaitheacht na séadchomharthaí thar a bheith suntasach seo a chinntí, cuirfimid mórrinfheistíocht chaipitiúil ar fáil chun leanúint de na séadchomharthaí seo a chaomhnú agus a chothabháil. Cinnteoidh an infheistíocht chaomhantais chaipitiúil sin go mbeidh na láithreáin oidhreachta seo, atá ann leis na mílte bliain, in ann páirt ionlán a beith acu i saol eacnamaíochta, sóisialta agus oidhreachta na tíre ar mhaithe leis na glúnta a bheidh ann inár ndiaidh.

Bru na Bóinne was inscribed on the UNESCO World Heritage List in 1993. The three Neolithic 'mega tombs' of Knowth Newgrange and Dowth form the core of the site within an expansive ritual archaeological landscape. Over 200,000 people visit the Brú na Bóinne Visitor Centre each year. There is ongoing investment from Fáilte Ireland, in partnership with the OPW and the Department into enhancing the visitor experience at Brú na Bóinne and its key monuments which are attracting ever more large numbers of visitors and playing an increasingly prominent role in economic development.

Conservation work at Brú na Bóinne was last carried out in the 1980's and in order to ensure the sustainability of these immensely significant monuments, we will now put in place a major capital investment in the site directed towards their continued conservation and upkeep. This capital conservation investment will ensure that in parallel with investment in amenity, these millennia old heritage sites play their full part in the economic, social and heritage life of the nation for generations to come.

Sí an Bhrú, Contae na Mí,
Newgrange, County Meath
(Grianghraif/Photo© Fáilte Ireland)



An Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht (€60m)

Is ionann bithéagsúlacht agus na milliúin speiceas agus gnáthóig atá ann ar ár bpláinéad agus iad ag obair le chéile chun beatha a ghiniúint agus a chothú. Brathann ár sláinte agus ár rathúnas ar bhithéagsúlacht le go mbeidh painiú agus torthúlacht ithreach ann agus le go mbeidh aer agus uisce glan ar fáil. Is buntaca í do cháilíocht ár n-earnálacha turasóireachta agus áineasa.

I measc phriomhchuspóiri *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021*, a foilsíodh le déanaí, áirítear bearta caomhantais a mhéadú chun tailte portaigh a athbhunú, chun leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chomhrac, chun Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta áitiúla a chur i bhfeidhm agus chun infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna maidir le comhshaol na talmhaíochta. Tugtar aitheantas, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, don ghá le réitigh chun dul i ngleic le brúnnna, lena n-áirítear athrú aeráide agus maoiniúchán do chaomhnú bithéagsúlachta. Tá tábhacht ar leith ag rannpháirteachas ag an bpobal ar an leibhéal áitiúil chun feasacht a mhéadú agus chun rannpháirtíocht i gcosaint ár n-oidhreachta nádúrtha a éascú. Beidh cothú meoin úineireachta agus freagrachta i leith an chaomhantais ina ghné an-tábhachtach dár gclár infheistíocha sa réimse seo.

Natural Heritage and Biodiversity (€60m)

Biodiversity is the sum of millions of species and habitats on our planet working together to generate and sustain life. Our health and prosperity relies on biodiversity, for pollination, soil fertility and the availability of clean air and water. They underpin the quality of our tourism and recreation sectors.

The principal objectives of the recently published *National Biodiversity Action Plan 2017-2021* include stepping up conservation measures to restore peatlands, combat the spread of invasive alien species, implement local Biodiversity Action Plans and invest in agri-environment schemes. The need for solutions to tackle pressures including climate change and financing of biodiversity conservation is recognised national and internationally. Public engagement at local level is particularly important to increase awareness and facilitate participation in protecting our natural heritage. Fostering a sense of ownership and responsibility for conservation will be key to our investment programme in this area.

Clár Bhoirne The Burren Programme

Tírdhreach sainiúil aolchloiche is ea é Boirinn agus é suite ar chósta Mheán-larhar na hÉireann. Tá éagsúlacht gnáthóig agus speiceas ann sa cheantar, lena n-áirítear 70% de flora dúchasacha na hÉireann.

Tá an fheirmeoireacht ina cuid dhilis de charactar agus de chomhdhéanamh Bhoirne. Baineann cleachtas traidisiúnta na hinnilité geomhrídh ar an bhféarach garbh aolchloiche agus ar na fraochmháonna go dlúth le folláine agus le héagsúlacht na speiceas agus na gnáthóig atá ann.

Cuireadh tú le Tionscadal LIFE Bhoirne sa bhliain 2005 mar thionscadal taighde a bhí á mhaoiniú ag ciste dúlra EU LIFE agus ag triúr compháirtithe áitiúla: an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúrla, Teagasc agus craobh Bhoirne Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Tríd an tionscadal sin, rinneadh treoirphlean don fheirmeoireacht inbhuanaithe i mBoirinn a dhearadh, a tháistíl, a chostáil agus a fhoiliú. Tá an treoirphlean sin curtha i bhfeidhm ag 278 bhfeirm (c. 25,000ha) faoin gClár um Fheirmeoireacht do Chaomhnú Bhoirne agus, níos déanaí fós, faoi Chláir Bhoirne.

Is é a lean as an infheistíocht ná cur chuige nuáilach 'hibrideach' duaisbhuaiteach i leith na feirmeoireachta agus an chaomhantais, ar cur chuige é trína n-ioctar feirmeoirí as obair a dhéantar agus as cuspóirí comhshaol sainithe a chur i gcrích (lena n-áirítear bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar thalamh feirme lena ngabhann ardluach dulra agus feabhsuithe ar cháilíocht uisce agus éifeachtúlacht maidir le húsáid uisce). Mar thoradh ar an gClár tá compháirtithe láidre curtha ar bun idir feirmeoirí agus gníomhaireachtaí bainistíochta, tá cabhair tugtha maidir le dearcadh an-dearfach a chruthú i measc feirmeoirí i leith an chaomhantais agus tá tuiscint níos mó cruthaithe sa phobal i gcoitinne i leith ról na bhfeirmeoirí. Rachaidh infheistíocht leantach i scéimeanna íocaíochta atá bunaithe ar thorthaí, agus a bhfuil feirmeoirí i gceannas orthu, chun tairbhe don bhithéagsúlacht i dtírdhreach na hÉireann ina bhfuil ionad an-tábhachtach ag an talmhaíocht.

The Burren is a distinctive limestone landscape on Ireland's mid-western coast. The area harbours a diversity of habitat and species, including 70% of Ireland's native flora.

Farming is integral to the character and composition of the Burren. The traditional practice of winter grazing on the rough limestone grasslands and heaths is central to the health and diversity of species and habitats.

Burren Life Project began in 2005 as a research project funded by the EU LIFE Nature fund and three local partners: the National Parks and Wildlife Service, Teagasc and the Burren branch of the Irish Farmers Association. The project successfully designed, tested, costed and published a blueprint for sustainable farming in the Burren. This blueprint has been rolled out across 278 farms (c. 25,000ha) under the Burren Farming for Conservation Programme and the Burren Programme.

The outcome from the investment is an award winning and novel 'hybrid' approach to farming and conservation which sees farmers paid for both work undertaken and for the delivery of environmental objectives (including sustainable management of high nature farmland and improvements in water quality and water use efficiency). The Programme has cemented strong partnerships between farmers and management agencies, helped to create a very positive attitude towards conservation among farmers and has generated a greater appreciation of the role of farmers by the wider community. Continued investment into farmer-led, results-based payment schemes will benefit biodiversity in Ireland's agriculturally dominated landscape.

6


An Ghaeilge agus na hOileáin Irish language and the Islands

Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018 - 2027

Tosaíochtaí don Ghaeilge agus do na hOileáin 2018-2027	€178m
Infheistíocht mar bhuntaca do Phróiseas Pleanála Teanga na Gaeltachta	€33m
Infheistíocht ag Údarás na Gaeltachta i gcruthú fostaíochta	€105m
Infheistíocht i Lónraí Gaeilge, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Mol Teanga agus Cultúir i gCathair Bhaile Átha Cliath	€13m
Infheistíocht in oileán agus in infreastruchtúr muirí na n-oileán	€27m

Investing in Our Culture, Language and Heritage 2018 – 2027

Irish Language and the Islands Priorities 2018 - 2027	€178m
Investment underpinning the Gaeltacht Language Planning Process	€33m
Investment by Údarás na Gaeltachta in job creation	€105m
Investment in Irish Language Networks, in Gaeltacht Service Towns and in a Dublin City Language and Cultural Hub	€13m
Investment in island marine infrastructure	€27m



Infheistíocht mar bhuntaca do Phróiseas Pleanála Teanga na Gaeltachta (€33m)

Trí infheistíocht a dhéanamh sa Ghaeilge, tabharfar tacaíocht le haghaidh úsáid na teanga, agus neartófar úsáid na teanga, mar phríomhtheanga phobail sa Gaeltacht agus méadófar na deiseanna chun í a úsáid ar bhonn níos forleithne lasmuigh de na ceantair thraigisiúnta Ghaeltachta.

Tá an próiseas pleanála teanga, atá forordaithe in Acht na Gaeltachta, 2012, ceaptha chun cuspoíri Straitéis 20 Bliaín an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030 a chur chun cinn. Cuireadh túis leis an gcéad chéim den phróiseas sa bhliain 2014 agus baineann sé sin le hullmhú pleananna teanga ar leibhéal pobail i 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta. Faoi Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027, tabharfar túis áite don mhaoiniúchán caipitiúil atá ann mar bhuntaca do chur i bhfeidhm pleananna teanga. I measc na réimsí tosaíochta i leith na hinfheistíochta sin, áiritear na nithe seo a leanas:

- uasghrádú roinnt príomhchampsas de chuid Coláistí Samhraidh Gaeilge, ar tionscal é sin a tharraingíonn os cionn 26,000 mac léinn chuig an nGaeltacht gach bliain agus a thacaíonn le grá saoil don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann
- saoráidí tacaíochtaí teanga agus cúram leanaí a sholáthar do theaghláigh Gaeltachta, ar saoráidí iad a bheidh suite in áiteanna straitéiseacha;
- oifigí nua comharchumainn agus saoráidí pobail a thógáil ar Inis Meáin in Oileán Árann;

Investment underpinning the Gaeltacht Language Planning Process (€33m)

Investment in the Irish language will support and strengthen its use as the principal community language in the Gaeltacht and increase opportunities for its more widespread use outside traditional Gaeltacht areas.

The language planning process, prescribed in the Gaeltacht Act 2012, is a key element of the Government's 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030. The first stage of the process, which began in 2014, involves the preparation of language plans at community level across 26 Gaeltacht Language Planning Areas. Under Investing in our Culture, Language and Heritage 2018-2027, capital funding underpinning the implementation of language plans will be prioritised. Priority areas for investment in this regard include:

- the upgrade of a number of key Irish Summer College campuses, in an industry which attracts over 26,000 students to the Gaeltacht annually and promotes a life-long love of Irish culture and language;
- the provision of strategically located language support and childcare facilities;
- the construction of new cooperative offices and community facilities on Inis Meáin in the Aran Islands;
- the development of strategic tourism facilities in the Gaeltacht, which will build on the success of the Wild Atlantic Way. This will include facilities in Sliabh Liag, An Earagail and Fanad in County Donegal and Ceantar na nOileán in the Conamara Gaeltacht, the completion of Ionad na hEachláime in County Mayo and the development of the Slí Chorca Dhuibhne walking route in County Kerry.

Infheistíocht mar bhuntaca do Phróiseas Pleanála Teanga na Gaeltachta (€33m)

Trí infheistíocht a dhéanamh sa Ghaeilge, tabharfar tacaíocht le haghaidh úsáid na teanga, agus neartófar úsáid na teanga, mar phríomhtheanga phobail sa Gaeltacht agus méadófar na deiseanna chun í a úsáid ar bhonn níos forleithne lasmuigh de na ceantair thraigisiúnta Ghaeltacha.

Tá an próiseas pleanála teanga, atá forordaithe in Acht na Gaeltachta, 2012, ceaptha chun cuspóirí Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030 a chur chun cinn. Cuireadh túis leis an gcéad chéim den phróiseas sa bliain 2014 agus baineann sé sin le hullmhú pleananna teanga ar leibhéal pobail i 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta. Faoi *Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreachta* 2018-2027, tabharfar túis áite don mhaoiniúchán caipitiúil atá ann mar bhuntaca do chur i bhfeidhm pleananna teanga. I measc na réimsí tosaíochta i leith na hinfheistíochta sin, áiritear na nithe seo a leanas:

- uasghrádú roinnt príomhchamps de chuid Coláistí Samhraidi Gaeilge, ar tionscal é sin a tharraingíonn os cionn 26,000 mac léinn chuig an nGaeltacht gach bliain agus a thacaíonn le grá saoil don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann
- saoráidí tacaíochtaí teanga agus cúram leanaí a sholáthar do theaghláigh Ghaeltachta, ar saoráidí iad a bheidh suite in áiteanna straitéiseacha;
- oifigí nua comharchumainn agus saoráidí pobail a thógáil ar Inis Meáin in Oileán Árann;
- forbairt a dhéanamh ar shaoráid straitéiseach turasóireachta sa Ghaeltacht, rud a thóghfaidh ar an rath a bhaineann le Slí an Atlantaigh Fhiáin. San áireamh anseo beidh saoráidí ag Sliabh Liag, ag an Earagail agus ag Fánaid i gContae Dhún na nGall agus i gCeantar na nOileán i nGaeltacht Chonamara, críochnú ionad na hEachláime i gContae Mhaigh Eo agus forbairt bhealach siúlóide Shlí Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí

Investment by Údarás na Gaeltachta in job creation (€33m)

Investment in the Irish language will support and strengthen its use as the principal community language in the Gaeltacht and increase opportunities for its more widespread use outside traditional Gaeltacht areas.

The language planning process, prescribed in the Gaeltacht Act 2012, is a key element of the Government's 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030. The first stage of the process, which began in 2014, involves the preparation of language plans at community level across 26 Gaeltacht Language Planning Areas. Under *Investing in our Culture, Language and Heritage 2018-2027*, capital funding underpinning the implementation of language plans will be prioritised. Priority areas for investment in this regard include:

- the upgrade of a number of key Irish Summer College campuses, in an industry which attracts over 26,000 students to the Gaeltacht annually and promotes a life-long love of Irish culture and language;
- the provision of strategically located language support and childcare facilities;
- the construction of new cooperative offices and community facilities on Inis Meáin in the Aran Islands;
- the development of strategic tourism facilities in the Gaeltacht, which will build on the success of the Wild Atlantic Way. This will include facilities in Sliabh Liag, An Earagail and Fanad in County Donegal and Ceantar na nOileán in the Conamara Gaeltacht, the completion of Ionad na hEachláime in County Mayo and the development of the Slí Chorca Dhuibhne walking route in County Kerry.

Coláiste UISCE,
Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
(Grianghraf/Photo© Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidi)



Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh

Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh

Is sampla é Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh atá ionnaithe i gConamara ag Teachín an Phiarsaigh, i Ros Muc, Contae na Gaillimhe, de mhórthionscadail chaipitil an Rialtais a bhí mar chuid de Clár Comórtha Céad Bliain 2016.

Forbraíodh an t-ionad leis an Roinn, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae na Gaillimhe, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Fáilte Ireland ag obair i bpairtnéireacht lena chéile agus cuimsíonn sé ionad do chuairteoirí, Teachín an Phiarsaigh, cosán Chonamara - siúlód timpeall 10 n-acra an tsuímh agus slí na coille - ionad oidhreachta amuigh faoin spéir a dhírionn ar Phádraig Mac Piarais é fhéin.

Tugann Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh léargas sainiúil ar an nGaeilge agus ar chultúr na Gaeltachta i gcomhthéacs scéal an Phiarsaigh ag féachaint tríd an lionsa ar cad a mheall go Ros Muc é.

Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ros Muc, Conamara



Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Conamara, at Pearse's Cottage, Ros Muc, County Galway represents one of the Government's major capital projects developed as part of the Ireland 2016 Centenary Programme.

The centre, which was developed in partnership between the Department, Údarás na Gaeltachta, Galway County Council, the Office of Public Works and Fáilte Ireland comprises a visitor centre, Pearse's cottage, cosán Chonamara - a looped walk within the 10 acres of the site and slí na coille - an outdoor interpretive space focussing on Patrick Pearse himself.

Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, presents a unique insight into the Irish language and the culture of the Gaeltacht in the context of Patrick Pearse's story through the lens of what attracted him to Ros Muc.

Infheistíocht ag Údarás na Gaeltachta i gcruthú fostáiochta (€105m)

Tá ról fíorthábhachtach ag an Údarás maidir le fostáiocht a chruthú i bpobail Ghaeltachta a bhfuil an chuid is mó díobh le fáil i gcroílár cheantair thuaithé na hÉireann. Le blianta beaga anuas, lean sé de níos mó ná 500 post a chruthú in aghaidh na bliana. Ligfidh an infheistíocht atá beartaithe sa phlean seo don Údarás leanúint de dhlús a chur lena infheistíocht i gcruthú fostáiochta d'fhoinn na cuspóirí atá leagtha amach ina straitéis forbartha eacnamaíochta féin a chur i gcrích chomh maith le cuspóirí iomchuí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, in Leas a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin, sa Phlean Gníomhaíochta d'Fhorbairt na Tuaith agus i mbeartais náisiúnta eile a bhaint amach.

Thar na deich mbliana a mhairfidh an pleán, cruthóimid thart ar 1,000 post sa bláthain chun bonn sóisialta agus eacnamaíochta na Gaeltachta a choimeád ar bun. Chun an méid sin a bhaint amach, méadófar an leithroinnt bhliantúil go €12m, rud a chumasóidh 400 post breise a chruthú in aghaidh na bliana i gceantair Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, Chorcaí, Chiarraí, Phort Láirge agus na Mi. Tá sé beartaithe ag an Údarás freisin infheistíocht shuntasach a dhéanamh ina phunann maoine agus infreastruchtúir chun í a chur de réir caighdeán cui d'fhoinn fiontair nua a mhealladh agus d'fhoinn tacú le fiontair nua.

Investment by Údarás na Gaeltachta in job creation (€105m)

Údarás na Gaeltachta plays a vital role in creating employment in Gaeltacht communities, most of which are in the heart of rural Ireland. Despite a challenging economic environment, the authority has continued to create over 500 jobs annually over the last number of years. The investment proposed in this plan will allow An tÚdarás to accelerate its investment in job creation, delivering on objectives set out in its own economic development strategy as well as relevant objectives set out in the *Action Plan for Jobs, Harnessing our Ocean Wealth, the Action Plan for Rural Development* and in other national policies.

The objective of this investment is to create in the region of 1,000 jobs annually to maintain the social and economic fabric of the Gaeltacht. In order to achieve this, the annual allocation will increase incrementally to €12m, thus enabling the creation of an additional 400 jobs annually in Gaeltacht areas across counties Donegal, Mayo, Galway, Cork, Kerry, Waterford and Meath. An tÚdarás also intends to invest significantly in its property and infrastructure portfolio to bring it to an appropriate standard to attract and support new enterprises.

Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás réigiúnach ar a bhfuil freagracht i ndáil le forbairt eacnamaíocht, shóisialta agus chultúir na Gaeltachta. Is e cuspóir foriomlán Údarás na Gaeltachta a chinntí go leanfaidh an Ghaeilge de bheith mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta agus go ndéantar an Ghaeilge a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile. Cobhsaíonn cruthú fostáiochta an bonn eacnamaíochta agus, dá bhrí sin, cabhraíonn sé le pobal na Gaeltachta a choimeád ar marthain. Cruthóidh sé sin an dúshraith ar tríthi a bhainfear amach cothabháil agus fás na teanga, agus curfidh sé sin bonn faoi Straitéis 20 Bliaín an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030.

Tá straitéis Údarás na Gaeltachta don tréimhse 2018-2020 bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal: cothabháil agus forbairt na Gaeilge mar theanga phobail na Gaeltachta agus cothú nuálaíochta agus fostáiochta d'fhoinn a chumasú do chainteoíri Gaeilge cónaí sa Ghaeltacht.

Tá forbairt tionscadal fuinnimh in-athnuaithe, acmhainní nádúrtha agus fiontar atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha lárnach i dtaca le straitéis na heagraíochta. Leagfaidh Údarás na Gaeltachta béim ar leith ar roinnt tionscadal tábhachtach straitiseach i rith ré an phleán, lena n-airítear an méid seo a leanas:

- Forbairt Pháirc na Mara, ar páirc nuálaíochta nuaoiseach den scoth í i gCill Chiaráin i gConamara, chun fás sa tionscal a chur chun cinn agus chun fás eacnamaíochta sa cheantar a éascú. Gníomhóidh an tionscadal seo mar éascaitheoir tábhachtach don tionscal muirí ina iomláine ní hamhán i gConamara ach ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta freisin.
- Tacaíocht a thabhairt do roinnt tionscadal straitiseach caipitiúil san earnáil turasóireachta i réigiún Ghaeilteachta feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Forbairt a dhéanamh ar Thionscadal Dhiaspóra na Gaeltachta ar cuid lárnach í de straitéis Údarás na Gaeltachta chun spreagadh, tacáiocht agus cúnamh a thabhairt do phobal na n-eisimirceach Gaeltachta thar lear nó in Éirinn i leith filleadh abhaile chuig a dteaghlaigh agus chuig a bpobail agus, ar an dóigh sin, tacú leis an nGaeilge.

Údarás na Gaeltachta is the regional authority responsible for the economic, social and cultural development of the Gaeltacht. The overall objective of Údarás na Gaeltachta is to ensure that Irish remains the main communal language of the Gaeltacht and is passed on to future generations. Employment generation stabilises the economic base and thereby assists in maintaining the Gaeltacht population. This will create the foundation on which to achieve language maintenance and growth, which in turn will anchor the Government's 20 year *Strategy for the Irish Language 2010-2030*.

Údarás na Gaeltachta's strategy for the 2018 – 2020 period is based on two main principles - maintenance and development of the Irish language as the community language of the Gaeltacht and the fostering of innovation and employment with a view to enabling Irish speakers to live in the Gaeltacht.

The development of renewable energy projects, natural resources and enterprises based on natural resources are central to the organisation's strategy. Údarás na Gaeltachta will place particular focus on a number of key strategic projects during the lifetime of the plan including:

- The development of Páirc na Mara, a state of the art modern marine innovation park in Cill Chiaráin in Conamara, to promote growth in the industry and to facilitate economic growth in the area. This initiative will act as an important facilitator for the entire marine industry not only in Conamara but at a regional and national level.
- Supporting a number of strategic capital projects in the tourism sector in Gaeltacht regions along the Wild Atlantic Way.
- Developing the Diaspora na Gaeltachta project which forms a central part of Údarás na Gaeltachta's strategy to encourage, support and assist the emigrant Gaeltacht community abroad or in Ireland to return home to their families and communities and, thereby, bolster the Irish language.

Ina theannta sin, leanfar de thacaíocht a thabhairt i leith acmhainní don teanga, do phobail agus don chultúir, agus leanfar d'acmhainní den sórt sin a fhorbairt, agus leanfar den nuálaíochta agus den fhiontraíocht a spreagadh agus a chothú.

Furthermore, resources for language, communities and culture will continue to be supported and developed and innovation and enterprise will continue to be encouraged and fostered.



Cé Inis Oírr
Inis Oírr Pier
(Grianghraf/Photo©Paddy Crowe)

Infheistíocht i Lónraí Gaeilge agus i mBailte Seirbhíse Gaeltachta (€13m)

De réir fhorálacha Acht na Gaeltachta, 2012, tá sé beartaithe aitheantas reachtúil a thabhairt do suas le 16 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta - is é sin, bailte atá suite go stráitéiseach laistigh de Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, agus gar do na limistéir sin, agus ina bhfuil seirbhísí poiblí a úsáideann pobail Ghaeltachta lonnaithe. Déantar socrú leis an Acht freisin maidir le limistéir atá lasmuigh den Ghaeltacht agus ina bhfuil mais chriticiúil infreastruchtúir atá bainteach leis an teanga, amhail naónraí agus bunscoileanna agus meánscoileanna Gaeilge, a ainmníú mar Lónraí Gaeilge. Trí infheistíocht a dhéanamh sa réimse seo, éascófar forbairt lonad Gaeilge agus Cultúr sna bailte agus sna lónraí sin agus, ar an dóigh sin, comhlánófar infreastruchtúr atá ann cheana féin. Déanfar thart ar €4m a chur ar leataobh freisin chun Mol suaitheanta Gaeilge agus Cultúr a forbairt a fhónfaidh don phobal méadaitheach cainteoíri Gaeilge i gCathair Bhaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaírd.

Infheistíocht in infreastruchtúr muirí na n-oileán (€27m)

Tá cothabháil pobal inbhuanaithe oileáin amach ónár gcósta ina ghné lárnach de Ráiteas Straitéis na Roinne agus tá sé sin ailínithe go dlúth le cuspóir beartais náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála maidir le tacú le fás agus forbairt an gheilleagair mhuirí i bpobail chósta agus sna hoileáin. Le gur féidir an aidhm seo a bhaint amach, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh rochtain shábháilte de mhuiir ann do phobail oileáin. Dá réir sin, is é a bheidh mar phriomhthosaíocht sa tsraith infheistíocha seo ná infreastruchtúr céanna ar Inis Oírr agus ar Inis Meáin in Oileán Árann a fheabhsú i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, maraon le saoráidí céanna a fheabhsú ag Machaire Rabhartaigh chun seirbhísí de bhád farantóireachta nua do phaisinéirí do Oileán Thoraí a éascú.

Investment in Irish Language Networks and Gaeltacht Service Towns (€13m)

In accordance with the provisions of the Gaeltacht Act 2012, it is proposed to provide statutory recognition to up to 16 Gaeltacht Service Towns – strategically located towns both within and close to Gaeltacht Language Planning Areas in which public services used by Gaeltacht communities are located. The Act also provides for the designation as Irish Language Networks of areas outside the Gaeltacht with a critical mass of language-related infrastructure such as naoinraí and primary and secondary level Irish medium schools. The investment in this area will facilitate the development of Irish Language and Cultural Centres in these towns and networks, thus complementing infrastructure already in place. In the region of €4m will also be earmarked for the development of a landmark flagship Irish Language and Cultural Hub serving the growing community of Irish speakers in Dublin City and its environs.

Investment in island marine infrastructure (€27m)

The maintenance of sustainable island communities off our coast is a core element of the Department's Strategy Statement and is closely aligned with the National Planning Framework's national policy objective of supporting the growth and development of the maritime economy in coastal communities and islands. Safe access by sea for island communities is crucial to the achievement of this aim. Accordingly, the development, in conjunction with the local authorities, of improved pier infrastructure on Inis Oírr and Inis Meáin in the Aran Islands will be the main priority in this strand of investment, as will the development of improved pier facilities at Machaire Rabhartaigh in order to facilitate a new passenger vessel serving Oileán Thoraí.

Paddy Crowe, Bainisteoir Chomharchumann Inis Oírr Paddy Crowe – Inis Oírr Co-op Manager

"Tá muintir Inis Oírr fíor-shásta leis an infheistíocht chaipítel atá déanta ag an Roinn EOG in Inis Oírr le blianta anuas. Déanadh athchóiriú iomlán ar fhoirgneamh an Choláiste Samhraidh a bhí i ndroch-chaoi. Trí infheistíocht chaipítel na Roinne freisin, tá clós Spraoi álann in Inis Oírr d'aois óg an oileáin agus dóibh siúd atá ar cuairt ar an oileán. De réir na meán, tá Clós Spraoi Inis Oírr roghnaithe sa chéad deich gclós spraoi is fearr in Éirinn.

Chomh maith leis sin tá infheistíocht á déanamh ag an Roinn i bhforbairt bhereise ar an gcéibh, rud a chabhróidh go mór le todhchaí an oileáin go fadtéarmach agus a chuirfidh deireadh le fadhbanna móra sábhalteachta agus easpa spáis ag an gcéibh. Tá síneadh le cur as an gcéibh agus tógfar tonnchosc timpeall na céibhe freisin le foscadh a thabhairt. Cinnteoidh na hinfheistíochtaí seo ar fad go leanfaidh borradh agus beocht le saol an oileáin."

"The people of Inis Oírr have been very happy with the capital investment from DCHG over the past number of years. The building which houses the Irish Summer College, which was in poor condition, has been refurbished. Through the Department's capital investment, the island now also has a beautiful playground, used by children from the island and those visiting the island. According to the media, the playground is ranked among the top ten playgrounds in Ireland.

In addition, the Department is investing in the further development of the pier, which will greatly help with securing the long-term future of the island and will resolve safety and capacity concerns on the pier. The pier will be extended and a breakwater will also be built to provide shelter. This continued investment will ensure the continued maintenance and vibrancy of island life."

Portumna Castle, Co. Galway
Caisleán Phort Omna, Co. na Gaillimhe





Ríaltas
na hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040